RIALACHÁN (AE) 2023/128 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Eanáir 2023

lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh beanalacsaile, brómocsainile, clórsulfúróin, eapocsaconasóil agus feanaimíofos i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil d'iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) agus Airteagal 18(1)(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás beanalacsaile, brómocsainile agus feanaimíofos, leagadh síos uasleibhéil iarmhar ("MRLanna") in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás clórsulfúróin agus eapocsaconasóil, leagadh síos MRLanna i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) Ní dhearnadh formheas na substainte gníomhaí beanalacsail a athnuachan le Rialachán (AE) 2020/1280 ón gCoimisiún ([2]) ar chúiseanna lena n-áirítear cúiseanna a bhaineann le sláinte an duine. Chuaigh an formheas sin in éag an 31 Iúil 2021. Rinneadh gach údarú atá ann cheana le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin a chúlghairm.

(3) I gcomhthéacs an neamh-athnuachan ar fhormheas beanalacsaile, ní raibh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") in ann teacht ar an gconclúid nach bhfuil airíonna suaite inchrínigh ag an tsubstaint ([3]).

(4) Is substaint ghníomhach fhormheasta í beanalacsail-M le húsáid i dtáirgí cosanta plandaí. Is é seo a leanas an sainmhíniú ar iarmhar le haghaidh beanalacsaile agus beanalacsail-M araon: "Beanalacsail, lena n-áirítear meascáin eile d'isiméirí comhábhartha lena n-áirítear beanalacsail-M (suim isiméirí)". Na MRLanna le haghaidh beanalacsaile ar fhíonchaora boird, ar phrátaí, ar ghairleog, ar oinniúin, ar sheallóidí, ar mhealbhacáin uisce, ar leitísí agus ar chainneanna, tá siad sábháilte do thomhaltóirí agus ba cheart iad a choinneáil ar bun chun úsáidí údaraithe beanalacsail-M ar na táirgí sin a chur san áireamh. Maidir le fíniúnacha coiteanna agus mealbhacáin, comhfhreagraíonn na MRLanna atá ann do na huasteorainneacha iarmhar Codex ("CXLanna"). Tá siad sábháilte do thomhaltóirí agus ba cheart iad a choinneáil ar bun freisin i gcomhréir le hAirteagal 14(2), pointe (e) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Na MRLanna le haghaidh úsáidí údaraithe beanalacsail-M ar ubhthorthaí agus ar thrátaí, tá siad níos ísle ná na MRLanna le haghaidh beanalacsaile. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh beanalacsaile ar na táirgí sin a ísliú go dtí na MRLanna atá ann faoi láthair le haghaidh beanalacsail-M. Maidir le piobair mhilse/chloigíneacha agus síolta ráibe, níl aon úsáid údaraithe ann le haghaidh beanalacsail-M agus níl aon CXL ná lamháltas allmhairiúcháin ann. Ba cheart na MRLanna le haghaidh beanalacsaile ar na táirgí sin a ísliú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 go dtí an teorainn chinnidh ("LOD").

([1]) IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1280 ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2020 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí beanalacsail, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 301, 15.9.2020, lch. 4).

([3]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance benalaxyl* [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i ndáil leis an tsubstaint ghníomhach beanalacsail], *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2020;18(1):5985.

(5) Ní dhearnadh formheas na substainte gníomhaí brómocsainil a athnuachan le Rialachán (AE) 2020/1276 ón gCoimisiún ([4]) ar chúiseanna lena n-áirítear cúiseanna a bhaineann le sláinte an duine. Chuaigh formheas na substainte in éag an 31 Iúil 2021. Rinneadh gach údarú atá ann cheana le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil brómocsainil a chúlghairm agus níl aon CLX ná lamháltas allmhairiúcháin ann le haghaidh na substainte gníomhaí sin. Na MRLanna a leagtar amach le haghaidh na substainte sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1) pointe (a) de. Ba cheart na MRLanna le haghaidh gach táirge a leagan síos ag an LOD in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1)(b) den Rialachán sin.

(6) Chuaigh formheas na substainte gníomhaí clórsulfúrón in éag an 31 Nollaig 2019 agus níor chuir an t-iarratasóir aon iarratas isteach chun é a athnuachan. Rinneadh gach údarú atá ann cheana le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin a chúlghairm. Níl aon CLX ná lamháltas allmhairiúcháin ann le haghaidh clórsulfúróin. Na MRLanna a leagtar amach le haghaidh na substainte sin i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1) pointe (a) de. Ba cheart na MRLanna le haghaidh gach táirge a leagan síos ag an LOD in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1)(b) den Rialachán sin.

(7) Chuaigh formheas na substainte gníomhaí eapocsaconasól in éag an 30 Aibreán 2020 agus tharraing an t-iarratasóir siar an t-iarratas chun é a athnuachan. Rinneadh gach údarú atá ann cheana le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin a chúlghairm. Níl aon CLX ná lamháltas allmhairiúcháin ann le haghaidh eapocsaconasóil. Na MRLanna a leagtar amach le haghaidh na substainte sin i gCuid A d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1) pointe (a) de. Ba cheart na MRLanna le haghaidh gach táirge a leagan síos ag an LOD in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1)(b) den Rialachán sin.

(8) Ní dhearnadh formheas na substainte gníomhaí feanaimíofos a athnuachan le Rialachán (AE) 2020/1246 ón gCoimisiún ([5]), ar chúiseanna lena n-áirítear cúiseanna a bhaineann le sláinte an duine. Chuaigh formheas na substainte in éag an 23 Meán Fómhair 2020. Rinneadh gach údarú atá ann cheana le haghaidh táirgí cosanta plandaí ina bhfuil feanaimíofos a chúlghairm.

(9) I gcomhthéacs an neamh-athnuachan ar fhormheas feanaimíofos, d'aithin an tÚdarás roinnt ábhair imní ([6]) a bhaineann leis an riosca do shláinte an tomhaltóra agus le sonraí atá in easnamh i leith na n-úsáidí ionadaíocha maidir le glasraí a thugann torthaí.

(10) Na MRLanna le haghaidh fíonchaora boird agus fíniúnacha coiteanna, comhfhreagraíonn siad do lamháltais allmhairiúcháin, ach ós rud é go raibh an pacáiste sonraí neamhiomlán maidir le meitibilítí M01 agus M02 ó thaobh na géineatocsaineachta de agus nach bhféadfaí bailchríoch a chur ar mheasúnú riosca do thomhaltóirí, ní féidir riosca do thomhaltóirí a chur as an áireamh. Na MRLanna le haghaidh trátaí, piobair mhilse/chloigíneacha, ubhthorthaí, mealbhacán agus fréamhacha biatas siúcra, tá siad bunaithe ar úsáidí feanaimíofos san Aontas a aisghaireadh. Na MRLanna a leagtar amach le haghaidh na substainte sin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhar le hAirteagal 14(1) pointe (a) de. Ba cheart na MRLanna le haghaidh gach táirge a leagan síos ag an LOD in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir le hAirteagal 18(1)(b) den Rialachán sin.

(11) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá le LODanna áirithe a oiriúnú. Maidir le gach substaint ghníomhach a chumhdaítear leis an Rialachán seo, mhol na saotharlanna sin LODanna a bhaineann go sonrach leis an táirge agus ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1276 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2020 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí brómocsainil, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 300, 14.9.2020, lch. 32).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1246 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2020 maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí feanaimíofos, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún (IO L 288, 3.9.2020, lch. 18).

([6]) An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, *Conclusion on the peer review of the pesticide risk assessment of the active substance fenamiphos* [Conclúid maidir leis an athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i ndáil leis an tsubstaint ghníomhach feanaimíofos], *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2019;17(1):5557.

(12) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais maidir leis na MRLanna nua tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus cuireadh a mbarúlacha san áireamh.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(14) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna nua ionas go mbeidh deis ag na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia iad féin a oiriúnú do na ceanglais a thagann as na leasuithe ar na MRLanna lena mbaineann.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 8 Lúnasa 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cholúin le haghaidh beanalacsaile:

"Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo [a]	Beanalacsail, lena n-áirítear meascáin eile d'isiméirí comhábhartha lena n-áirítear beanalacsail-M (suim isiméirí)
(1)	(2)	(3)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**	
0110000	**Torthaí citris**	0,01 *
0110010	Seadóga	
0110020	Oráistí	
0110030	Líomóidí	
0110040	Líomaí	
0110050	Mandairíní	
0110990	Eile (2)	
0120000	**Cnónna crann**	0,01 *
0120010	Almóinní	
0120020	Cnónna Brasaíleacha	
0120030	Cnónna caisiú	
0120040	Castáin	
0120050	Cnónna cócó	
0120060	Cnónna coill	

(1)	(2)	(3)
0120070	Macadaimia	
0120080	Cnónna peacáin	
0120090	Eithní cnónna péine	
0120100	Cnónna pistéise	
0120110	Gallchnónna	
0120990	Eile (2)	
0130000	**Torthaí póma**	0,01 *
0130010	Úlla	
0130020	Piorraí	
0130030	Cainchí	
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach	
0130050	Locuatanna	
0130990	Eile (2)	
0140000	**Torthaí cloiche**	0,01 *
0140010	Aibreoga	
0140020	Silíní (iad milis)	
0140030	Péitseoga	
0140040	Plumaí	
0140990	Eile (2)	
0150000	**Caora agus torthaí beaga**	
0151000	(a) **fíonchaora**	
0151010	Fíonchaora boird	0,7(+)
0151020	Fíonchaora fíona	0,3
0152000	(b) **sútha talún**	0,01 *
0153000	(c) **torthaí cána**	0,01 *

(1)	(2)	(3)
0153010	Sméara dubha	
0153020	Eithreoga	
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)	
0153990	Eile (2)	
0154000	(d) **torthaí beaga eile agus caora eile**	0,01 *
0154010	Fraocháin	
0154020	Mónóga	
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)	
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)	
0154050	Mogóirí róis	
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)	
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil	
0154080	Caora troim	
0154990	Eile (2)	
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil**	0,01 *
0161000	(a) **craiceann inite**	
0161010	Dátaí	
0161020	Figí	
0161030	Ológa boird	
0161040	Cumcuait	
0161050	Torthaí réaltúla	
0161060	Dátphlumaí Seapánacha	
0161070	Plumaí láva	
0161990	Eile (2)	
0162000	(b) **craiceann do-ite, iad beag**	
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)	
0162020	Lítsíonna	
0162030	Páiseoga	

(1)	(2)	(3)
0162040	Piorraí deilgneacha	
0162050	Réalt-úlla	
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha	
0162990	Eile (2)	
0163000	(c) **craiceann do-ite, iad mór**	
0163010	Abhacáid	
0163020	Bananaí	
0163030	Mangónna	
0163040	Papánna	
0163050	Pomagránaití	
0163060	Céiriomoighe	
0163070	Guábhaí	
0163080	Anainn	
0163090	Torthaí aráin	
0163100	Duraígh	
0163110	Úlla deilgneacha	
0163990	Eile (2)	
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**	
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**	
0211000	(a) **prátaí**	0,02 *(+)
0212000	(b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**	0,01 *
0212010	Casabhaigh	
0212020	Prátaí milse	
0212030	Ionaim	
0212040	Ararút	
0212990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
0213000	(c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**	0,01 *
0213010	Meacain bhiatais	
0213020	Meacain dhearga	
0213030	Soiliriac/soilire tornapa	
0213040	Meacain ragaim	
0213050	bliosáin ghréine	
0213060	Meacain bhána	
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg	
0213080	Raidisí	
0213090	Salsabh	
0213100	Svaeideanna	
0213110	Tornapaí	
0213990	Eile (2)	
0220000	**Glasraí bleibíní**	
0220010	Gairleog	0,02 *(+)
0220020	Oinniúin	0,02 *(+)
0220030	Seallóidí	0,02 *(+)
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil	0,01 *
0220990	Eile (2)	0,01 *
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**	
0231000	(a) **Solanaceae and Malvaceae**	
0231010	Trátaí	**0,3**
0231020	Piobair	0,01 *
0231030	Ubhthorthaí	**0,3**
0231040	Ocra	0,01 *
0231990	Eile (2)	0,01 *

(1)	(2)	(3)
0232000	(b) **guird a bhfuil craiceann inite acu**	0,01 *
0232010	Cúcamair	
0232020	Gircíní	
0232030	Cúirséid	
0232990	Eile (2)	
0233000	(c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu**	
0233010	Mealbhacáin	0,3
0233020	Puimcíní	0,01 *
0233030	Mealbhacáin uisce	0,15
0233990	Eile (2)	0,01 *
0234000	(d) **arbhar milis**	0,01 *
0239000	(e) **glasraí eile a thugann torthaí**	0,01 *
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**	0,01 *
0241000	(a) **praiseach bhlátha**	
0241010	Brocailí	
0241020	Cóilis	
0241990	Eile (2)	
0242000	(b) **praiseach chinn**	
0242010	Bachlóga Bruiséile	
0242020	Cabáistí cinn	
0242990	Eile (2)	
0243000	(c) **praiseach dhuilleach**	
0243010	Cabáistí Síneacha	
0243020	Cáil	
0243990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
0244000	(d) **cálráibí**	
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**	
0251000	(a) **leitísí agus plandaí sailéid**	
0251010	Ceathrúna uain	0,01 *
0251020	Leitísí	3(+)
0251030	Searbháin muc	0,01 *
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile	0,01 *
0251050	Biolair thalún	0,01 *
0251060	Ruachán Rómhánach	0,01 *
0251070	Mustard dearg	0,01 *
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)	0,01 *
0251990	Eile (2)	0,01 *
0252000	(b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla**	0,01 *
0252010	Spionáistí	
0252020	Puirsleáin	
0252030	Seardas/duilleoga biatais	
0252990	Eile (2)	
0253000	(c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**	0,01 *
0254000	(d) **biolair uisce**	0,01 *
0255000	(e) **sreabháin na Beilge**	0,01 *
0256000	(f) **luibheanna agus bláthanna inite**	0,02 *
0256010	Costóg	
0256020	Síobhas	
0256030	Duilleoga soilire	
0256040	Peirsil	

(1)	(2)	(3)
0256050	Sáiste	
0256060	Marós	
0256070	Tím	
0256080	Basal agus bláthanna inite	
0256090	Duilleog labhrais	
0256100	Dragan	
0256990	Eile (2)	
0260000	**Léagúim**	0,01 *
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)	
0260020	Pónairí (gan faighneoga)	
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)	
0260040	Piseanna (gan faighneoga)	
0260050	Lintilí	
0260990	Eile (2)	
0270000	**Glasraí gais**	
0270010	Lus súgach	0,01 *
0270020	Cardúin	0,01 *
0270030	Soilirí	0,01 *
0270040	Finéal Fhlórans	0,01 *
0270050	Bliosáin chruinne	0,01 *
0270060	Cainneanna	0,02 *(+)
0270070	Biabhóg	0,01 *
0270080	Péacáin bhambú	0,01 *
0270090	Croíthe pailme	0,01 *
0270990	Eile (2)	0,01 *

(1)	(2)	(3)
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**	0,01 *
0280010	Fungais shaothraithe	
0280020	Fungais fhiáine	
0280990	Caonaigh agus léicin	
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**	
0300000	**PISEÁNAIGH**	0,01 *
0300010	Pónairí	
0300020	Lintilí	
0300030	Piseanna	
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní	
0300990	Eile (2)	
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**	0,01 *
0401000	**Olashíolta**	
0401010	Ros lín	
0401020	Piseanna talún	
0401030	Síolta poipín	
0401040	Síolta seasamain	
0401050	Síolta lus na gréine	
0401060	Síolta ráibe/síl chánóil	
0401070	Pónairí soighe	
0401080	Síolta mustaird	
0401090	Síolta cadáis	
0401100	Síolta puimcín	
0401110	Síolta cróch bhréige	
0401120	Síolta borráiste	
0401130	Síolta caimilín	

(1)	(2)	(3)
0401140	Síolta cnáibe	
0401150	Pónairí ricne	
0401990	Eile (2)	
0402000	**Olathorthaí**	
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola	
0402020	Eithní pailme ola	
0402030	Torthaí pailme ola	
0402040	Capac	
0402990	Eile (2)	
0500000	**GRÁNAIGH**	0,01 *
0500010	Eorna	
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile	
0500030	Arbhar Indiach/arbhar	
0500040	Muiléad coiteann	
0500050	Coirce	
0500060	Rís	
0500070	Seagal	
0500080	Sorgam	
0500090	Cruithneacht	
0500990	Eile (2)	
0600000	**TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB**	0,05 *
0610000	**Taenna**	
0620000	**Pónairí caife**	
0630000	**Insiltí luibhe ó na nithe seo**	

(1)	(2)	(3)
0631000	(a) **bláthanna**	
0631010	Camán meall	
0631020	Roiseog	
0631030	Rós	
0631040	Seasmain	
0631050	Teile	
0631990	Eile (2)	
0632000	(b) **duilleoga agus luibheanna**	
0632010	Sú talún	
0632020	Rooibos	
0632030	Maité	
0632990	Eile (2)	
0633000	(c) **fréamhacha**	
0633010	Caorthann corraigh	
0633020	Ginsing	
0633990	Eile (2)	
0639000	(d) **aon chuid eile den phlanda**	
0640000	**Pónairí cócó**	
0650000	**Carúib**	
0700000	**LEANNLUSANNA**	0,05 *
0800000	**SPÍOSRAÍ**	
0810000	**Spíosraí ó shíolta**	0,05 *
0810010	Ainís	
0810020	Calaindí	
0810030	Soilire	
0810040	Lus an choire	
0810050	Cuimín	

(1)	(2)	(3)
0810060	Lus mín	
0810070	Finéal	
0810080	Feinigréag	
0810090	Noitmig	
0810990	Eile (2)	
0820000	**Spíosraí ó thorthaí**	0,05 *
0820010	Ilspíosra/pimeantó	
0820020	Piobar Szechuan	
0820030	Cearbhas	
0820040	Cardamam	
0820050	Caor aitil	
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)	
0820070	Fanaile	
0820080	Tamarain	
0820990	Eile (2)	
0830000	**Spíosraí ó choirt**	0,05 *
0830010	Cainéal	
0830990	Eile (2)	
0840000	**Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm**	
0840010	Liocras	0,05 *
0840020	Sinséar (10)	
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 *
0840040	Meacain ragaim (11)	
0840990	Eile (2)	0,05 *
0850000	**Spíosraí ón mbachlóg**	0,05 *
0850010	Clóibh	
0850020	Caprais	
0850990	Eile (2)	

(1)	(2)	(3)
0860000	**Spíosraí ó phistil bláthanna**	0,05 *
0860010	Cróch	
0860990	Eile (2)	
0870000	**Spíosraí arail**	0,05 *
0870010	Maicis	
0870990	Eile (2)	
0900000	**PLANDAÍ SIÚCRA**	0,01 *
0900010	Fréamhacha biatais siúcra	
0900020	Cánaí siúcra	
0900030	Fréamhacha siocaire	
0900990	Eile (2)	
1000000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN**	
1010000	**Tráchtearraí ó na nithe seo**	
1011000	(a) **mucra**	
1011010	Matáin	0,02 *
1011020	Saill	0,01 *
1011030	An t-ae	0,01 *
1011040	Duán	0,01 *
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,01 *
1011990	Eile (2)	0,01 *
1012000	(b) **bó-ainmhithe**	
1012010	Matáin	0,02 *
1012020	Saill	0,01 *
1012030	An t-ae	0,01 *
1012040	Duán	0,01 *
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,01 *
1012990	Eile (2)	0,01 *

(1)	(2)	(3)
1013000	(c) **caoirigh**	
1013010	Matáin	0,02 *
1013020	Saill	0,01 *
1013030	An t-ae	0,01 *
1013040	Duán	0,01 *
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,01 *
1013990	Eile (2)	0,01 *
1014000	d) **gabhair**	
1014010	Matáin	0,02 *
1014020	Saill	0,01 *
1014030	An t-ae	0,01 *
1014040	Duán	0,01 *
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,01 *
1014990	Eile (2)	0,01 *
1015000	(e) **each-ainmhithe**	
1015010	Matáin	0,02 *
1015020	Saill	0,01 *
1015030	An t-ae	0,01 *
1015040	Duán	0,01 *
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,01 *
1015990	Eile (2)	0,01 *
1016000	(f) **éanlaith chlóis**	
1016010	Matáin	0,02 *
1016020	Saill	0,01 *
1016030	An t-ae	0,01 *
1016040	Duán	0,01 *
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,01 *
1016990	Eile (2)	0,01 *

(1)	(2)	(3)
1017000	(g) **ainmhithe talún feirme eile**	
1017010	Matáin	0,02 *
1017020	Saill	0,01 *
1017030	An t-ae	0,01 *
1017040	Duán	0,01 *
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)	0,01 *
1017990	Eile (2)	0,01 *
1020000	**Bainne**	0,02 *
1020010	Eallach	
1020020	Caoirigh	
1020030	Gabhair	
1020040	Capaill	
1020990	Eile (2)	
1030000	**Uibheacha éan**	0,02 *
1030010	Sicín	
1030020	Lacha	
1030030	Géanna	
1030040	Gearg	
1030990	Eile (2)	
1040000	**Mil agus táirgí beachadóireachta eile (7)**	0,05 *
1050000	**Débheathaigh agus Reiptílí**	0,02 *
1060000	**Ainmhithe inveirteabracha talún**	0,02 *
1070000	**Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**	0,02 *
1100000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE EILE (8)**	
1200000	**TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)**	
1300000	**TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)**	

* Léiríonn an íosteorainn an chinnidh anailísigh

([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

Beanalacsail, lena n-áirítear meascáin eile d'isiméirí comhábhartha lena n-áirítear beanalacsail-M (suim isiméirí)

Tá roinnt faisnéise faoi mheitibileacht na mbarr agus faoi thrialacha iarmhar sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 19 Eanáir 2025, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0251020 Leitísí

Tá roinnt faisnéise faoi mheitibileacht na mbarr sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 19 Eanáir 2025, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0211000 (a) prátaí
0220010 Gairleog
0220020 Oinniúin
0220030 Seallóidí
0270060 Cainneanna

Tá roinnt faisnéise faoi thrialacha ar iarmhair agus faoi mheitibileacht na mbarr sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin 19 Eanáir 2025, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.

0151010 Fíonchaora boird"

(b) scriostar na colúin le haghaidh brómocsainile agus feanaimíofos.

(2) i gCuid A d'Iarscríbhinn III, scriostar na colúin le haghaidh clórsulfúróin agus eapocsaconasóil.

(3) in Iarscríbhinn V, cuirtear isteach na colúin seo a leanas le haghaidh brómocsainile, clórsulfúróin, eapocsaconasóil agus feanaimíofos:

"Iarmhair lotnaidicídí agus uasleibhéil iarmhar (mg/kg)

Códuimhir	Grúpaí agus samplaí de tháirgí aonair a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo (a)	Brómocsainil agus a salainn, arna sloinneadh mar bhrómocsainil	Clórsulfúrón	Eapocsaconasól (F)	Feanaimíofos (an tsuim d'fheanaimíofos agus a shulfocsaíd agus a shulfón arna sloinneadh mar fheanaimíofos)
0100000	**TORTHAÍ, iad ÚR nó REOITE; CNÓNNA CRANN**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0110000	**Torthaí citris**				
0110010	Seadóga				
0110020	Oráistí				
0110030	Líomóidí				
0110040	Líomaí				
0110050	Mandairíní				
0110990	Eile (2)				
0120000	**Cnónna crann**				
0120010	Almóinní				
0120020	Cnónna Brasaíleacha				
0120030	Cnónna caisiú				
0120040	Castáin				
0120050	Cnónna cócó				
0120060	Cnónna coill				
0120070	Macadaimia				

0120080	Cnónna peacáin				
0120090	Eithní cnónna péine				
0120100	Cnónna pistéise				
0120110	Gallchnónna				
0120990	Eile (2)				
0130000	**Torthaí póma**				
0130010	Úlla				
0130020	Piorraí				
0130030	Cainchí				
0130040	Torthaí ón meispeal Gearmánach				
0130050	Locuatanna				
0130990	Eile (2)				
0140000	**Torthaí cloiche**				
0140010	Aibreoga				
0140020	Silíní (iad milis)				
0140030	Péitseoga				
0140040	Plumaí				
0140990	Eile (2)				
0150000	**Caora agus torthaí beaga**				
0151000	(a) **fíonchaora**				
0151010	Fíonchaora boird				
0151020	Fíniúnacha coiteanna				
0152000	(b) **sútha talún**				
0153000	(c) **torthaí cána**				
0153010	Sméara dubha				
0153020	Eithreoga				
0153030	Sútha craobh (iad dearg agus buí)				
0153990	Eile (2)				

0154000	(d) **torthaí beaga eile agus caora eile**				
0154010	Fraocháin				
0154020	Mónóga				
0154030	Cuiríní (iad dubh, dearg agus bán)				
0154040	Spíonáin (iad glas, dearg agus buí)				
0154050	Mogóirí róis				
0154060	Maoildearga (iad dubh agus bán)				
0154070	Torthaí ón sceach gheal asaróil				
0154080	Caora troim				
0154990	Eile (2)				
0160000	**Torthaí ilghnéitheacha ag a bhfuil**				
0161000	(a) **craiceann inite**				
0161010	Dátaí				
0161020	Figí				
0161030	Ológa boird				
0161040	Cumcuait				
0161050	Torthaí réaltúla				
0161060	Dátphlumaí Seapánacha				
0161070	Plumaí láva				
0161990	Eile (2)				
0162000	(b) **craiceann do-ite, é beag**				
0162010	Cíobhaíonna (iad glas, dearg agus buí)				
0162020	Lítsíonna				
0162030	Páiseoga				
0162040	Piorraí deilgneacha				
0162050	Réalt-úlla				
0162060	Dátphlumaí Meiriceánacha				
0162990	Eile (2)				

0163000	(c) **craiceann do-ite, é mór**				
0163010	Abhacáid				
0163020	Bananaí				
0163030	Mangónna				
0163040	Papánna				
0163050	Pomagránaití				
0163060	Céiriomoighe				
0163070	Guábhaí				
0163080	Anainn				
0163090	Torthaí aráin				
0163100	Duraígh				
0163110	Úlla deilgneacha				
0163990	Eile (2)				
0200000	**GLASRAÍ, iad ÚR nó REOITE**				
0210000	**Glasraí fréimhe agus tiúbair**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0211000	(a) **prátaí**				
0212000	(b) **glasraí fréimhe agus tiúbair trópaiceacha**				
0212010	Casabhaigh				
0212020	Prátaí milse				
0212030	Ionaim				
0212040	Ararút				
0212990	Eile (2)				
0213000	(c) **glasraí fréimhe agus tiúbair eile seachas biatas siúcra**				
0213010	Meacain bhiatais				
0213020	Meacain dhearga				
0213030	Soiliriac/soilire tornapa				
0213040	Meacain ragaim				
0213050	Bliosáin ghréine				

0213060	Meacain bhána				
0213070	Fréamhacha peirsile/peirsil fréimhe Hamburg				
0213080	Raidisí				
0213090	Salsabh				
0213100	Svaeideanna				
0213110	Tornapaí				
0213990	Eile (2)				
0220000	**Glasraí bleibíní**	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0220010	Gairleog				
0220020	Oinniúin				
0220030	Seallóidí				
0220040	Oinniúin earraigh/scailliúin agus ciobúil				
0220990	Eile (2)				
0230000	**Glasraí a thugann torthaí**	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0231000	(a) **Solanaceae agus Malvaceae**				
0231010	Trátaí				
0231020	Piobair mhilse/chloigíneacha				
0231030	Ubhthorthaí				
0231040	Ocra				
0231990	Eile (2)				
0232000	(b) **guird a bhfuil craiceann inite acu**				
0232010	Cúcamair				
0232020	Gircíní				
0232030	Cúirséid				
0232990	Eile (2)				
0233000	(c) **guird a bhfuil craiceann do-ite acu**				
0233010	Mealbhacáin				
0233020	Puimcíní				

0233030	Mealbhacáin uisce				
0233990	Eile (2)				
0234000	(d) **arbhar milis**				
0239000	(e) **glasraí eile a thugann torthaí**				
0240000	**Glasraí praisí (seachas fréamhacha praisí agus barra duilleog óga praisí)**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0241000	(a) **praiseach bhlátha**				
0241010	Brocailí				
0241020	Cóilis				
0241990	Eile (2)				
0242000	(b) **praiseach chinn**				
0242010	Bachlóga Bruiséile				
0242020	Cabáistí cinn				
0242990	Eile (2)				
0243000	(c) **praiseach dhuilleach**				
0243010	Cabáistí Síneacha				
0243020	Cáil				
0243990	Eile (2)				
0244000	(d) **cálráibí**				
0250000	**Glasraí duilleacha, luibheanna agus bláthanna inite**				
0251000	(a) **leitísí agus plandaí sailéid**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0251010	Ceathrúna uain				
0251020	Leitísí				
0251030	Searbháin muc				
0251040	Biolair agus eascróga agus peacáin eile				
0251050	Biolair thalún				
0251060	Ruachán Rómhánach				

0251070	Mustard dearg				
0251080	Barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí)				
0251990	Eile (2)				
0252000	(b) **spionáistí agus duilleoga comhchosúla**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0252010	Spionáistí				
0252020	Puirsleáin				
0252030	Seardas/duilleoga biatais				
0252990	Eile (2)				
0253000	(c) **duilleoga caor fíniúna agus speicis chomhchosúla**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0254000	(d) **biolair uisce**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0255000	(e) **searbháin na Beilge**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0256000	(f) **luibheanna agus bláthanna inite**	**0,02** *	**0,02** *	**0,02** *	0,02 *
0256010	Costóg				
0256020	Síobhas				
0256030	Duilleoga soilire				
0256040	Peirsil				
0256050	Sáiste				
0256060	Marós				
0256070	Tím				
0256080	Basal agus bláthanna inite				
0256090	Duilleog labhrais				
0256100	Dragan				
0256990	Eile (2)				
0260000	**Léagúim**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0260010	Pónairí (a bhfuil faighneoga acu)				
0260020	Pónairí (gan faighneoga)				
0260030	Piseanna (a bhfuil faighneoga acu)				

0260040	Piseanna (gan faighneoga)				
0260050	Lintilí				
0260990	Eile (2)				
0270000	**Glasraí gais**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0270010	Lus súgach				
0270020	Cardúin				
0270030	Soilirí				
0270040	Finéal Fhlórans				
0270050	Bliosáin chruinne				
0270060	Cainneanna				
0270070	Biabhóg				
0270080	Péacáin bhambú				
0270090	Croíthe pailme				
0270990	Eile (2)				
0280000	**Fungais, caonaigh agus léicin**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0280010	Fungais shaothraithe				
0280020	Fungais fhiáine				
0280990	Caonaigh agus léicin				
0290000	**Algaí agus orgánaigh phrócaróit**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0300000	**PISEÁNAIGH**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	0,02 *
0300010	Pónairí				
0300020	Lintilí				
0300030	Piseanna				
0300040	Lúipíní/pónairí lúipíní				
0300990	Eile (2)				
0400000	**OLASHÍOLTA AGUS OLATHORTHAÍ**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0401000	**Olashíolta**				
0401010	Ros lín				
0401020	Piseanna talún				

0401030	Síolta poipín				
0401040	Síolta seasamain				
0401050	Síolta lus na gréine				
0401060	Síolta ráibe				
0401070	Pónairí soighe				
0401080	Síolta mustaird				
0401090	Síolta cadáis				
0401100	Síolta puimcín				
0401110	Síolta cróch bréige				
0401120	Síolta borráiste				
0401130	Caimilín				
0401140	Síolta cnáibe				
0401150	Pónairí ricne				
0401990	Eile (2)				
0402000	**Olathorthaí**				
0402010	Ológa le haghaidh táirgeadh ola				
0402020	Eithní pailme ola				
0402030	Torthaí pailme ola				
0402040	Capac				
0402990	Eile (2)				
0500000	**GRÁNAIGH**	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0500010	Eorna				
0500020	Ruán agus bréag-ghránaigh eile				
0500030	Arbhar Indiach/arbhar				
0500040	Muiléad coiteann				
0500050	Coirce				
0500060	Rís				

0500070	Seagal				
0500080	Sorgam				
0500090	Cruithneacht				
0500990	Eile (2)				
0600000	**TAENNA, CAIFE, INSILTÍ LUIBHE, CÓCÓ AGUS CARÚIB**	0,05 *	0,05 *	0,05 *	0,05 *
0610000	**Taenna**				
0620000	**Pónairí caife**				
0630000	**Insiltí luibhe ó**				
0631000	(a) **bláthanna**				
0631010	Camán meall				
0631020	Roiseog				
0631030	Rós				
0631040	Seasmain				
0631050	Teile				
0631990	Eile (2)				
0632000	(b) **duilleoga agus luibheanna**				
0632010	Sú talún				
0632020	Rooibos				
0632030	Maité				
0632990	Eile (2)				
0633000	(c) **fréamhacha**				
0633010	Caorthann corraigh				
0633020	Ginsing				
0633990	Eile (2)				
0639000	(d) **aon chuid eile den phlanda**				
0640000	**Pónairí cócó**				
0650000	**Carúib**				

0700000	**LEANNLUSANNA**	0,05 *(+)	0,05 *	**0,05** *	0,05 *
0800000	**SPÍOSRAÍ**				
0810000	**Spíosraí ó shíolta**	0,05 *	0,05 *	**0,05** *	0,05 *
0810010	Ainís				
0810020	Calaindí				
0810030	Soilire				
0810040	Lus an choire				
0810050	Cuimín				
0810060	Lus mín				
0810070	Finéal				
0810080	Feinigréag				
0810090	Noitmig				
0810990	Eile (2)				
0820000	**Spíosraí ó thorthaí**	0,05 *	0,05 *	**0,05** *	0,05 *
0820010	Ilspíosra/pimeantó				
0820020	Piobar Szechuan				
0820030	Cearbhas				
0820040	Cardamam				
0820050	Caor aitil				
0820060	Piobarchaor (í dubh, glas agus bán)				
0820070	Fanaile				
0820080	Tamarain				
0820990	Eile (2)				
0830000	**Spíosraí ó choirt**	0,05 *	0,05 *	**0,05** *	0,05 *
0830010	Cainéal				
0830990	Eile (2)				

0840000	**Spíosraí ó fhréamhacha agus ó riosóm**				
0840010	Liocras	0,05 *	0,05 *	**0,05** *	0,05 *
0840020	Sinséar (10)				
0840030	Tuirmiric/curcuma	0,05 *	0,05 *	**0,05** *	0,05 *
0840040	Meacain ragaim (11)				
0840990	Eile (2)	0,05 *	0,05 *	**0,05** *	0,05 *
0850000	**Spíosraí ón mbachlóg**	0,05 *	0,05 *	**0,05** *	0,05 *
0850010	Clóibh				
0850020	Caprais				
0850990	Eile (2)				
0860000	**Spíosraí ó phistil bláthanna**	0,05 *	0,05 *	**0,05** *	0,05 *
0860010	Cróch				
0860990	Eile (2)				
0870000	**Spíosraí arail**	0,05 *	0,05 *	**0,05** *	0,05 *
0870010	Maicis				
0870990	Eile (2)				
0900000	**PLANDAÍ SIÚCRA**	0,01 *	**0,01** *	**0,01** *	**0,01** *
0900010	Fréamhacha biatas siúcra				
0900020	Cánaí siúcra				
0900030	Fréamhacha siocaire				
0900990	Eile (2)				
1000000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - AINMHITHE TALÚN**				
1010000	**Tráchtearraí ó**	**0,05** *	0,01 *	**0,01** *	
1011000	(a) **mucra**				0,02 *
1011010	Matán				
1011020	Saill				

1011030	An t-ae				
1011040	An duán				
1011050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)				
1011990	Eile (2)				
1012000	(b) **bó-ainmhí**				0,02 *
1012010	Matán				
1012020	Saill				
1012030	An t-ae				
1012040	An duán				
1012050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)				
1012990	Eile (2)				
1013000	(c) **caoirigh**				0,02 *
1013010	Matán				
1013020	Saill				
1013030	An t-ae				
1013040	An duán				
1013050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)				
1013990	Eile (2)				
1014000	d) **gabhar**				0,02 *
1014010	Matán				
1014020	Saill				
1014030	An t-ae				
1014040	An duán				
1014050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)				
1014990	Eile (2)				
1015000	(e) **eachaí**				0,01 *
1015010	Matán				
1015020	Saill				

1015030	An t-ae				
1015040	An duán				
1015050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)				
1015990	Eile (2)				
1016000	(f) **éanlaith chlóis**				0,02 *
1016010	Matán				
1016020	Saill				
1016030	An t-ae				
1016040	An duán				
1016050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)				
1016990	Eile (2)				
1017000	(g) **ainmhithe talún feirme eile**				0,01 *
1017010	Matán				
1017020	Saill				
1017030	An t-ae				
1017040	An duán				
1017050	Scairteach inite (seachas an t-ae agus an duán)				
1017990	Eile (2)				
1020000	**Bainne**	0,01 *	0,01 *	0,002 *	0,005 *
1020010	Eallach				
1020020	Caoirigh				
1020030	Gabhar				
1020040	Capall				
1020990	Eile (2)				
1030000	**Uibheacha éan**	0,05 *	0,01 *	**0,01** *	0,01 *
1030010	An chearc				
1030020	Lacha				

1030030	Géanna				
1030040	Gearg				
1030990	Eile (2)				
1040000	**Mil agus táirgí beachaireacht eile (7)**	0,05 *	**0,05** *	0,05 *	**0,05** *
1050000	**Débheathaigh agus Reiptílí**	0,05 *	**0,01** *	0,01 *	0,01 *
1060000	**Ainmhithe inveirteabracha talún**	0,05 *	**0,01** *	0,01 *	0,01 *
1070000	**Ainmhithe veirteabracha talún fiáine**	0,05 *	**0,01** *	0,01 *	0,01 *
1100000	**TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH - ÉISC, TÁIRGÍ ÉISC AGUS AON TÁIRGE BIA MARA NÓ FIONNUISCE ILE (8)**				
1200000	**TÁIRGÍ NÓ CODANNA DE THÁIRGÍ A ÚSAIDTEAR CHUN BEATHA AINMHITHE A THÁIRGEADH AGUS CHUIGE SIN AMHÁIN (8)**				
1300000	**TÁIRGÍ BIA PRÓISEÁILTE (9)**				

* Léiríonn an íosteorainn an chinnidh anailísigh

([a]) Chun liosta iomlán na dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus plandaí a bhfuil feidhm ag na MRLanna maidir leo a fheiceáil, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I

Brómocsainil agus a salainn, arna sloinneadh mar bhrómocsainil
Tá roinnt faisnéise faoi mhodhanna anailíse sainaitheanta ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an MRL, cuirfidh sé an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad abairt san áireamh, má chuirtear isteach í faoin 29 Deireadh Fómhair 2016, nó, mura gcuirtear an fhaisnéis sin isteach faoin dáta sin, an easpa faisnéise.
0700000 LEANNLUSANNA

Eapocsaconasól (F)
(F) Intuaslagtha i saill"